

Árais Máithreacha agus Naíonán

Aonad 3

Gníomhaíocht 6

“...mar a bheadh príosún ann”: Sleachta as cuimhní cinn Julia Carter

Córas uafásach, d'éiríodh na páistí ar 6.30 ar maidin in áit fhuar a raibh cuma beairice uirthi agus [thugtaí] bia garbh dóibh [leite, bainne, tae agus arán]...

Bhíothas á ndruileáil ina mbeirteanna sa vearanda mar a bheadh príosún ann. Chaitheadh na mná rialta go dianchórasach leis na páistí, agus iad á ndruileáil agus ag canadh rannta chrann Bealtaine leo.

Ba bheag teagmháil a bhí ag na mná rialta leis na páistí, ní bhíodh cur amach ar a n-ainmneacha acu fiú.

...B'uafásach lofa mar áit í le páistí a thógáil, á máirseáil timpeall an tseomra lena gcoinneáil amach as trioblóid.

Nuair a thagadh na páistí [níos sine] abhaile ón scoil d'fhaighidís a ndinnéar agus dhéantaí a gcuid gruaige a chíoradh go mín ansin le míola gruaige agus dreancaidí a aimsiú. D'fhaighidís tae, arán agus im agus cócó dá suipéar.

Théadh na páistí beaga a chodladh ar a 6 a chlog tráthnóna le linn an gheimhridh agus an tsamhraidh araon.

Bhaintí na páistí amach as a leapacha istoíche le dul go dtí an leithreas, ach fiú dá mbídís á gcur chun leithris go deo bhídís fós ag mún sna leapacha.

B'éigean áit súgartha na bpáistí a sciúradh gach lá. Ba sheomra móra fada é le haghaidh na lapadáin, agus thiocadh boladh an mhúin ó na hurláir adhmaid.

Dhéanainn suntas de i gcónaí go mbíodh cuma bheag ar na páistí don aois a bhí bainte amach acu. Ní bhfuair siad bia ceart riamh, bhí siad beag dá n-aois de dheasca nach bhfaighidís riamh an ghreim bia a fhaigheann páistí óna muintir féin.

Ní bhfuair siad ach seanbhia stáirsiúil, agus bhí maróga (boilg mhóra) orthu go léir. Nuair a tháinig [an Máthair-Uachtarán] Martha, thug sí na maróga faoi deara agus thosaigh sí ag tabhairt anraith dóibh, ach ba bheag feabhas a tháinig leis sin.

Bhíodh a dteanga féin ag na páistí. Ní raibh cumas labhartha ceart acu in aon chor, níor mhúin duine ar bith dóibh é, agus ba chuma le duine ar bith fúthu!

Bhíodh páistí an Árais cosúil le sicíní istigh i gcúb, ina ruaille buaille, agus iad ag scréachach, agus liúnna ar bun i seomra na lapadán. Níor fhoghlaim siad conas labhairt i gceart riamh, bhí an chuma air go raibh a dteanga seo acu féin ar siúl acu, agus iad ag cabaireacht lena chéile.

Cibé rud a d'fhoghlaim na páistí ar scoil, níor fhoghlaim na páistí thuas ansin aon rud: itheachán, suí ar an áras fuail, conas dul a luí. Sílim gur chaith siad an chuid is mó dá n-óige ina suí ar na hárais fuail úd!

Níor úsáid roinnt de na páistí spúnóga, d'úsáididís a ndoirn leis an leite a bhaint de na mugaí, agus d'fhaighidís buille dá bharr. Bhí luascadáin agus crandaí bogadaí acu, ach nuair a théim siar ar bhóithrín na smaointe bhí cuma an-mhínádúrtha ar na páistí, agus iad ag screadaíl agus ag scréachadh, ag gáire ar uairibh, agus ag canadh rannta chrann Bealtaine.

Sheol bean an Dr Waldron cófra mór lán le leabhair suas chuig an áras i dteannta na mbréagán.

Sheoladh roinnt de na dochtúirí áitiúla leabhair agus bréagáin chuig an áras faoi Nollaig, agus léiríodh na páistí dráma an tráth sin den bhliain. ... Bhíodh drámaí ar dóigh againn, bhí stáitse ann cosúil leis an gceann istigh i Halla na Cathrach.

... thagadh páistí na ndochtúirí suas ag an mbaile le breathnú air.

Dá bhfaigheadh páiste bás faoi bhun bliain d'aois, bhíodh fiosrúchán ann dá bharr. Ní chuirte aon fhiosrúchán ar bun dá mbeadh an páiste os cionn bliain d'aois. Chuiridís i leith na faillí é dá mbeadh an páiste faoi bhun bliain d'aois. B'éigean do na mná rialta cuntas a thabhairt ar an mbás dá mbeadh an páiste faoi bhun bliain d'aois, agus dhéantaí go leor fiosruithe faoi. Dá mbeadh an páiste os cionn bliain d'aois, ba dhóichí go gcuirfí i leith cúiseanna nádúrtha é, cosúil le bruitíneach srl.

Fuair páistí bás leis an mbruitíneach, ní raibh aon antaibheathach le fáil. Fuair na scórtha páistí bás faoi bhun bliain d'aois, agus bhíodh ráigeanna den triuch ann, nuair a d'fhaighidís bás ina sluaite. Bhí a reilig bheag seo acu féin thuas ann, agus tá sí fós ann, agus ballaí curtha timpeall uirthi anois.

Bhíodh na naíonáin agus na lapadáin ag geonaíl agus ag caitheamh i ndiaidh na máithreacha tar éis dóibh imeacht. Ní raibh aon mháthair ionaid acu.

B'áit uafásach ghránna d'aon pháiste é. Déarfainn gur fhág sé a rian orthu ar feadh an chuid eile dá saol.

B'fhearr don chlann is íochtaráí agus is boichte a bheith ina mbaile féin seachas san áras: tugtar gean dóibh fiú i measc na bochtaineachta.